Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**8684/22**

**SOC 243**
**EMPL 149**
**SAN 238**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair<br>Ceapachán Martina KOSTURÁKOVÁ, comhalta don tSlóvaic, in ionad Ladislav KEREKEŠ, atá éirithe as |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Ladislav KEREKEŠ éirithe as mar chomhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don tSlóvaic).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Slóvaice don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023:

Martina KOSTURÁKOVÁ
National Labour Inspectorate
Masarykova 10
040 01 Košice
teil.: +421 55 79 79 927
teileafón póca: +421 907 811 574
rphost: martina.kosturakova@ip.gov.sk

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

a) an Cinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar a clár oibre; agus

b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

**IARSCRÍBHINN**

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de

Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 6 Meitheamh 2019[3,4] agus an 8 Iúil 2019[5], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Ladislav KEREKEŠ as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Slóvaice don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.
2 IO C 135, 11.4.2019, lch. 7.
3 IO C 195, 11.6.2019, lch. 4.
4 IO L 156, 13.6.2019, lch. 3.
5 IO C 232, 10.7.2019, lch. 4.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Martina KOSTURÁKOVÁ ina comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Ladislav KEREKEŠ, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, an …

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán